

Cruinniú den Choiste Comhairleach Déardaoin 20 Eanáir 2011 i gceannáras Fhoras na Gaeilge, Baile Átha Cliath

I láthair:

F. Mac an Fhailigh, Príomhfheidhmeannach, Foras na Gaeilge

M. Killoran, DCEGA

D. Moran, DCAL

L. Bhreatnach, comhalta boird, Foras na Gaeilge

C. Ní Cheallaigh, A. Ó Coileáin, A. Mac Póilin, ionadaithe na n-eagras bunmhaoinithe

Leithscéal: É. Kinch, comhalta boird, Foras na Gaeilge

Rúnaí: S. Uí Choinne

Ról an Choiste Chomhairligh

Cuireadh in iúl gurb é ról an Choiste Chomhairligh ná cumarsáid a éascú idir an earnáil agus Foras na Gaeilge.

Téarmaí Tagartha

Glacadh leis na téarmaí tagartha.

Scéimeanna

Cuireadh in iúl go raibh an obair tosaithe ar dhréachtú na scéimeanna agus go mbeadh sé tábhachtach ionchur a fháil ón earnáil maidir leis an Scéim Abhcóideachta agus Taighde agus an Scéim Cumasaithe Pobail sa chéad áit. Cuireadh in iúl don chruinniú go dtabharfaí tús áite don dá scéim seo ar iarratas na Ranna Urraíochta agus go gcuirfí faoi bhráid Bhord Fhoras na Gaeilge iad i mí Aibreáin 2011.

Cuireadh in iúl gurb é mian na Ranna Urraíochta go mbeadh na scéimeanna nua i bhfeidhm ó thús 2012 agus cuireadh ceist ar ionadaithe na n-eagras ar chreid siad go raibh an spriocdháta sin réadúil. Chuir ionadaithe na n-eagras in iúl go raibh sé níos tábhachtaí go mbeadh cur chuige Fhoras na Gaeilge agus na Ranna Urraíochta réadúil, cuimsitheach agus éifeachtach seachas go mbeadh orthu cloí le hamchlár míréalaíoch.

Chuir ionadaithe na n-eagras in iúl go raibh cuid mhór doiléire ann maidir leis an bpróiseas chun na scéimeanna a chur i bhfeidhm agus lorgaíodh soiléiriú maidir leis seo. Cuireadh in iúl gurb é an critéar riachtanach do gach scéim ná taithí chuí san earnáil agus gur próiseas iomaíoch a bheadh ann le buiséad teoranta.

Thóg ionadaithe na n-eagras roinnt ceisteanna maidir le cur i bhfeidhm na scéimeanna. Mar shampla, an mbeadh cead ag eagras amháin cur isteach ar níos mó ná scéim amháin; an raibh an fhéidearthacht ann go gceadófaí maoiniú do níos mó ná eagras amháin faoi gach scéim; cad é mar a thabharfaí aitheantas do chúinsí ar leith sa dá dhlínse; an raibh baol ann nach gceadófaí maoiniú a threoranú d'eagrais Ghaeilge faoi reachtaíocht iomaíochta? Dúradh go lorgófaí soiléiriú ar na ceisteanna seo.

Chuir ionadaithe na n-eagras in iúl go mbeadh scileanna nua ag teastáil chun iarratas a dhéanamh ar na scéimeanna nua. Dúradh go mbeadh Foras na Gaeilge ag réachtáil seisiúin eolais maidir leis an bpróiseas iarratais.

Bhí na heagrais go láidir den tuairim go raibh sé riachtanach freastal ar na riachtanais mar a léirítear iad sa *Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010 – 2030* agus nár chóir dochar a dhéanamh don soláthar reatha a dhéanann an earnáil dheonach.

Ardaíodh ceist maidir le toil na n-eagraíochtaí cónascadh le chéile agus cuireadh in iúl go raibh roinnt eagrais toilteanach feidhmiú mar aonad amháin (Conradh na Gaeilge, Glór na nGael agus Comhluadar, mar shampla) ach go raibh eagrais áirithe ann nárbh fhéidir leo cónascadh le heagrais eile. Chuir ionadaithe na n-eagrais in iúl go raibh cuid mhór le foghlaim ón dtionscadal *Collaborate to Innovate* atá ar bun ag an eagraíocht phobail The Wheel.

Ardaíodh ceist arbh fhéidir an trí dréachtscéim, a bhí ullmhaithe ag Foras na Gaeilge go dáta agus a bhí tugtha do na Ranna Urraíochta mar eolas, a chur ar fáil don Choiste Comhairleach. Tugadh le fios go gcaithfí cead a lorg ó Bhord Fhoras na Gaeilge maidir leis seo.

Maoiniú Eatramhach

Cuireadh in iúl go mbeadh Foras na Gaeilge ag scríobh chuig na heagrais ag lorg pleananna oibre go deireadh na bliana 2011 uathu agus iad ag súil go gceadófaí maoiniú eatramhach dóibh go dtí sin.

Coiste Stiúrtha

Cuireadh in iúl go bhfuil na daoine seo mar bhaill den Choiste Stiúrtha: L. Ó Maolmhichíl, (Cathaoirleach), F. Mac an Fhailigh, M. Killoran agus A. Scott.

Bainisteoir Tionscadail

Cuireadh in iúl gur cuireadh fógra i nGaeilge amháin ar E-tenders www.etenders.gov.ie maidir le ceapadh an bhainisteora tionscadail agus spriocdháta den 27 Eanáir 2011 leis. Léirigh ionadaithe na n-eagrais míshásamh nár fógraíodh an post ar bhonn níos forleithne. Aontaíodh go gcaithfí suíomh idirlín Fhoras na Gaeilge a uasdátú maidir le heolas faoin bpost mar bhainisteoir tionscadail agus go raibh sé riachtanach go mbeadh eolas suas chun dáta air maidir leis an bpróiseas athbheithnithe.

Aon Ghnó Eile

Cuireadh in iúl go bhfoilseofaí na miontuairiscí ó na cruinnithe den Choiste Comhairleach agus den Choiste Stiúrtha ar shuíomh idirlín Fhoras na Gaeilge. Ardaíodh ceist maidir leis na miontuairiscí a sholáthar go dátheangach. Chuir Príomhfheidhmeannach Fhoras na Gaeilge in iúl go bpléifí an cheist seo ag cruinniú de Bhord an Fhorais an lá dár gcionn.

Aontaíodh go mbeadh an chéad chruinniú eile ann Déardaoin 10 Feabhra ag 14.00.